Gaelscoil Bhrian Bóroimhe,
Coill na n-Úll,
Sord,
Co. Átha Cliath
K67 T3H2

Scoil Idirchreidmheach

Fón: 8902799
www.gsbb.ie
oifig@gsbb.ie
U.R. 20095C

12/09/22

A thuismitheoirí, a chairde,

Tús maith, leath na hoibre!

Tá tús álainn dearfach curtha leis an mbliain scoile. Tá atmaisféar álainn sa scoil agus tá na páistí socraithe ar ais. Táimid ag díriú ar an nGaeilge labhartha tar éis an tsamhraidh agus tá na páistí ag feabhsú gach lá. Déanaigí bhur ndícheall Gaeilge a úsáid agus sibh ar láthair na scoile chun cabhrú leis na páistí! Tá acmhainní do thuismitheoirí gur mhaith leo Gaeilge a fhoghlaim agus a fheabhsú ar shuíomh na scoile https://www.gsbb.ie/eolas/an-ghaeilge/

We have had a very positive start to the school year. There is a lovely atmosphere in the school and the children have settled back very well. We are focussing on our spoken Irish after the summer break and the children are improving each day. Please do your best to help the children by using your own cúpla focal when you are around the school. If you want to brush up on your cúpla focail or learn some more, there are plenty of useful phrases on our school website https://www.gsbb.ie/eolas/an-ghaeilge/

Ar Maidin / Tráthnóna:

Le bhur dtoil, nuair atá na páistí á dtabhairt ar scoil agus á bhailiú ón scoil ná páirceáil san áit tuirlingthe. Ta sé ag cruthú fadhbanna tráchta agus uaireanta ní bhíonn áit páirceála ag na busanna. Is féidir stopadh agus na páistí a scaoileadh ón gcarr ach ná fág an charr ann. Bhí gearán ann freisin go bhfuil carranna ag blocáil an lána rothar os comhair na scoile.

Please do not park your car in the drop off areas when dropping or collecting children. It is causing traffic problems and sometimes the buses are unable to pull in. Parents can stop and help the children out of the car but please do not leave the car parked in these areas. We have also received a complaint that the bicycle lane outside of the school car park is often blocked by cars.

Traenáil peile agus ábhair seach-curaclam eile:

Thosaigh traenáil peile ar ais ar an Déardaoin agus bhí sé iontach an méid sin páistí a fheiceáil ag traenáil leis an scoil. Leanfaidh traenáil ar aghaidh gach Máirt i mBaile Uí Shiorraí idir seo agus Oíche Shamhna, ag brath ar an aimsir.

Táimid ag súil leis na ranganna ceoil agus íoga a thosnú ar an Luan seo chugainn, 19/09 dóibh siúd atá á dhéanamh. Tosóidh rith tras tíre i gceann cúpla seachtain eile.

Football training started back last Thursday and it was great to see so many children there. Training will continue on Tuesdays in Balheary between now and Halloween, depending on the weather.

We are hoping to start music and yoga classes next Monday, 19/09, for those who have signed up. Cross country running will commence in the coming weeks.

Obair agus páistí as láthair tinn nó ar laethanta saoire:

Sa chás go bhfuil páiste ró-thinn le bheith ar scoil nó sa chás go bhfuil páiste ar laethanta saoire le linn an téarma scoile, níl sé de nós ag an scoil obair a chur ar fáil dóibh. Bíonn eisceachtaí, ar nós páiste atá Covid orthu ach nach bhfuil ag mothú tinn nó páiste atá cos/lámh briste ach nach bhfuil ró-thinn leis. Ar an nóta sin, le bhur dtoil ná seol páistí ar scoil atá tinn an mhaidin sin.

In the case that a child is out of school sick or is on holidays during term time the school does not send work for them to do at home. There are some exceptions such as a child isolating with Covid (but not feeling unwell) or a child with a broken limb (but not feeling too sick to do some work). On that note, please keep your child at home if unwell in the morning.

Cruinnithe Tuismitheoirí:

Mar eolas socraíodh an 22ú agus an 23ú Samhain do chruinnithe tuismitheoirí Ranganna 1-6. Beidh níos mó eolas faoi na cruinnithe amach anseo. Mar is gnách, beidh cruinnithe na Ranganna Naíonáin i mí Feabhra.

For your information the 22nd and 23rd of November have been set for Parent Teacher Meetings Ranganna 1-6. More information regarding these meetings will be sent out nearer the time. The junior and senior infant class meetings will take place in February.

Cé leis é!!

Le bhur dtoil cur ainm do pháiste ar gach rud! Tá an bosca cé leis é lán cheana féin de rudaí nach bhfuil ainm orthu!

Please label all your child's belongings! The lost and found box is already over-flowing!

Sin é go fóill!

Pádraig Ó Conchubhair (Príomhoide)